

# Ná lig dóibh fáil ar shiúl!

  
Séideán Sí



Leagan  
Ultach

Gobnait Uí Chonchubhair  
Peter Donnelly a mhaisigh



# Ná lig dóibh fáil ar shiúl!



Gobnait Uí Chonchubhair  
Peter Donnelly a mhaisigh

 AN GÚM

Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2006

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2006

Athchló 2013

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Peter Donnelly

PB Print a chlóbhuail in Éirinn

**An Gúm, 24–27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

## Clár

Caibidil 1	4
Caibidil 2	8
Caibidil 3	14
Caibidil 4	22
Caibidil 5	36

# Caibidil 1

‘Tá mé féin agus Daidí ag gabháil ag siopadóireacht,’ arsa Mamaí le Gearóid tráthnóna amháin.


‘An dtiocfaidh tú linn?’

‘Tiocfaidh,’ arsa Gearóid. ‘Caithfidh mé airgead a thógáil amach as mo chuntas in Oifig an Phoist.’

D’amharc Daidí ar an chlog.

‘Déan deifir, mar sin,’ ar seisean.

‘Druideann Oifig an Phoist ar a cúig.’







‘Is dócha go mbeidh tú tamall  
in Oifig an Phoist,’ arsa Mamaí  
le Gearóid. ‘Tchífidh muid  
sa chaife thú.’  
Bhí dúil ag Mamaí sa chupa caife.





## Caibidil 2



Bhí lear mór daoine in Oifig an Phoist nuair a chuaigh Gearóid isteach.

Ní raibh sé i bhfad istigh nuair a d'oscail an doras. Isteach le beirt fhear agus iad ag caitheamh aghaidheanna bréige. Bhí gunna ag fear acu.



‘Luígí ar an urlár,’ arsa fear an ghunna. ‘Agus ná bogaigí!’

Suas leis an fhear eile go dtí  
an cuntar.



‘Tabhair dom an t-airgead uilig atá  
sa taisceadán,’ ar seisean de bhéic  
leis an mháistir poist, ‘nó is duitse  
is measa!’

An máistir poist bocht! Bhí a chroí  
ina bhéal aige.



Thóg sé an t-airgead amach as an  
taisceadán agus shín sé chuig an  
ghadaí é.



Bheir an gadaí ar an airgead agus sháigh sé isteach ina mhála é.



Ansin amach an doras leis féin agus  
lena chomrádaí ar cosa in airde.



## Caibidil 3

‘Cad é a choinnigh tú?’ a d’fhiafraigh Mamaí de Ghearóid.

‘Shíl muid gur ag robáil Oifig an Phoist a bhí tú!’ arsa Daidí.

‘Ach tá dath an bháis ort,’ arsa Mamaí. ‘Suigh síos ansin agus bíodh cupa tae agat.’







‘Fan go gcloise sibh cad é a tharla,’  
arsa Gearóid i ndiaidh tamaill agus  
d’inis sé an scéal dóibh ó thús  
go deireadh.

‘Seans gur gunna bréige a bhí acu,’  
arsa Daidí.

‘Ní déarfainn é,’ arsa Gearóid.


‘Go sábhála Dia muid!’ arsa Mamaí.

‘Thiocfadh leo daoine a bheith  
maraithe acu!’









Ar a mbealach amach as an chaife dóibh chonaic Gearóid fear ag dingeadh ar aghaidh an tseanchairr a bhí feicthe aige níos luaithe. ‘Tá mé cinnte go bhfaca mé an bheirt sin cheana féin,’ arsa Gearóid leis féin.

‘A Dhaidí! A Mhamaí! Tá mé den bharúil gurb iad sin na gadaithe,’ arsa Gearóid agus é ag tarraingt ar an seancharr.

‘Bhí aghaidheanna bréige á gcaitheamh acu ach aithním iad, mar sin féin.’

‘Más in iad,’ arsa Mamaí, ‘b’fhearr dúinn labhairt leis na Gardaí.’







## Caibidil 4



D'inis Gearóid a scéal do na Gardaí.  
'Sin iad na gadaithe,' arsa Gearóid  
agus é ag síneadh a mhéire i dtreo  
an tseanchairr.






Díreach ansin lig Mamaí béic aisti.



‘Tá na gadaithe ag fáil ar shiúl,’  
ar sise. ‘Amharc! Tá siad ag éalú!’

Bhí na gadaithe ag fáil ar shiúl ceart go leor. Rith na Gardaí go dtí an carr seo acu féin.



‘Ná lig dóibh fáil ar shiúl,’ arsa Gearóid. ‘Ná lig dóibh éalú!’

Ach bhí sé rómhall!





Fán am seo bhí na gadaithe  
ag gabháil síos an bealach mór  
ar nós na gaoithe.



‘Tá siad ag fáil ar shiúl,’ arsa Gearóid agus beaguchtach air.



‘Amharc!’ arsa Daidí. ‘Cad é atá ag tarlú, in ainm Dé?’



Bhí leoraí mór i ndiaidh stopadh  
i lár an bhealaigh mhóir. Ní raibh  
na gadaithe ábalta a ghabháil  
thar an leoraí.







Léim na gadaithe amach as an charr go tobann.



Síos an cuibhreann leo ar cosa in airde agus na Gardaí ina ndiaidh.





Ní raibh sé rófhada go dtí go raibh  
an bheirt ghadaithe gaibhte  
ag na Gardaí.

## Caibidil 5



Cúpla lá ina dhiaidh sin bhí Gearóid in Oifig an Phoist arís.





‘A Ghearóid,’ arsa an máistir poist nuair a chonaic sé é. ‘Tá mé sásta tú a fheiceáil. Tá bronntanas agam anseo duit.’

Agus shín sé bosca mór chuig  
Gearóid.

‘Cad é atá ann?’ a d’fhiafraigh  
Gearóid de.

‘Tchífidh tú nuair a osclóidh tú é!’  
arsa an máistir poist. ‘Ach tá mé  
cinnte go mbeidh dúil mhór agat  
ann.’









‘Tá mé féin agus Daidí ag gabháil  
ag siopadóireacht,’ arsa Mamaí  
le Gearóid tráthnóna amháin.

‘An dtiocfaidh tú linn?’